CEACHT 10

OÍCHE SHAMHNA

A. Abairtí úsáideacha i ngnáthchaint na scoile a chleachtadh,

m.sh. An maith leat úlla, cnónna, bairín breac, ...etc.
Taispeáin dom....Tabhair dom.....
Taispeánfaidh mé. Tabharfaidh mé.

B. **Cloisteáil, Aithint, Aithris**

Bunchomhrá

Oíche Shamhna atá ann. Cheannaigh Mamaí úlla, cnónna agus bairín breac. Tá Colm agus Nuala ag ithe. Tá na páistí gléasta suas: Rachaidh siad amach.

C. **Cleachtadh**

Cén oíche atá ann?
Céard/Cad a rinne Mamaí?
An bhfuil Colm agus Nuala ag ithe?
Céard atá siad a dhéanamh/Cad atá á dhéanamh acu?
Conas atá na páistí/Cén chaoi a bhfuil na páistí?
An rachaidh siad amach?

Cleachtadh a thabhairt do na páistí ar chuid de mhúnlaí an Bhunchomhrá,
m.sh. Cheannaigh **Mamaí/mé/tú/sé/sí/** .....
Rachaidh siad **amach/ar scoil/abhaile,** etc.

D. **Leathnú**

Rann

Oíche Shamhna, Oíche Shamhna,
Tá áthas ar na leanaí,
Rachaidh siad ó theach go teach,
Ag bailiú milseán is bananaí.